Oraoid sunn go síol gColla

[Knott, E.: *The Bardic poems of Tadhg Dall Ó hUiginn,* Irish Texts Society 22-23 (1922, 1926), poem 42]

1 Oraoid sunn go síol gColla
dá iomchasaoid eatarra -
an ramhacraidh ó Mhoigh Mharr -
a bhfoil d'anacraibh oram.

2 Ná fágaibh fós fear dearmoid
d'fhuil Cholla ó Chliaigh imealbhuig
nách aigeólla sibh fa seach,
fir nách aideómha ar n-eiteach.

3 Sliocht Toirdhealbhaigh mheic Marcais -
labhair rem lucht díoghaltais;
tréad is éadána ar fhilidh,
méad m'éagára is m'aindlighidh.

4 Inneósad duit, a dhuine,
mo chasaoid, mo chéalmhaine,
don droing mhóir shuilbhirthe sháimh,
i ndóigh cuimhnighthe ar gcomhráidh.

5 Mór gceann bhfadhálta feadhna,
iomdha coinnmhe is ceithearna -
mairg ga mbí ad (?) comharsa cóir -
do-ní oramsa an éagóir.

6 Ceithearn an tighe rem thaoibh,
bíd lán d'ulc agus d'anaoibh,
gach re lá ag toigheacht im' theagh,
'san t-oireacht atá im' thimcheal.

7 ... ttugainn mir ar gach mir

don foirinn natmhoir ainm ...